Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10605/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0384(COD)**

**EF 183**
**ECOFIN 824**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 26 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le measúnú an Choimisiúin ar mhargaí na ndíorthach tráchtearraí, na lamháltas astaíochtaí agus na ndíorthach lamháltas tráchtearraí, de bhun Airteagal 90(5) den Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais (MiFID II) (Treoir (AE) 2014/65), arna leasú i mí Feabhra 2024 |

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.5.2026
COM(2026) 251 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

## maidir le measúnú an Choimisiúin ar mhargaí na ndíorthach tráchtearraí, na lamháltas astaíochtaí agus na ndíorthach lamháltas tráchtearraí, de bhun Airteagal 90(5) den Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais (MiFID II) (Treoir (AE) 2014/65), arna leasú i mí Feabhra 2024

**LIOSTA GIORRÚCHÁN** .......... 2

**1. RÉAMHRÁ** .......... 3

**2. GNÉITHE SONRAÍ A BHAINEANN LE DÍORTHAIGH TRÁCHTEARRAÍ** 4

**3. AN DÍOLÚINE Ó GHNÍOMHAÍOCHT CHOIMHDEACH** .......... 8

**4. TEORAINNEACHA SUÍMH, RIALUITHE BAINISTÍOCHTA SUÍMH AGUS TUAIRISCIÚ SUÍMH** .......... 13

**5. CONCLÚIDÍ** .......... 19

**LIOSTA GIORRÚCHÁN**

DGC: Díolúine ó Ghníomhaíocht Choimhdeach

ACER: An Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh

RTG 2022/1299: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1299 ón gCoimisiún

CTTT: Coimisiún na Trádála i dTodhchaíochtaí Tráchtearraí

PTMC: Pacáiste Téarnaimh um Margaí Caipitil (Treoir (AE) 2021/338)

CTCCE: conradh thar an gcuntar atá coibhéiseach go heacnamaíoch

EMIR: an Rialachán maidir le Bonneagar Margaidh Eorpach (Rialachán (AE) 648/2012)

ESMA: an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí

An tAontas: an tAontas Eorpach

LAE: Lamháltas an Aontais faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais

CTA: Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais

TCS: Treoir maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta (Treoir (AE) 2019/2034)

RCS: Rialachán maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta (Rialachán (AE) 2019/2033)

MiFID II: An Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais (Treoir (AE) 2014/65)

MiFIR: An Rialachán maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais (Rialachán (AE) 600/2014)

ÚIN: údarás inniúil náisiúnta

ÚRN: údarás rialála náisiúnta

TAC: thar an gcuntar

RBSanna: rialuithe bainistithe suímh

RSTMF: an Rialachán maidir le Sláine agus Trédhearcacht an Mhargaidh Fuinnimh (Rialachán (AE) 1227/2011)

CFAE: An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

TTF: Saoráid Aistrithe Teideal

IT: ionad trádála

# 1. RÉAMHRÁ

Is príomhionstraimí iad díorthaigh tráchtearraí do rannpháirtithe sa mhargadh chun a neamhchosaintí a fhálú sna margaí tráchtearraí foluiteacha (e.g. fuinneamh, tráchtearraí talmhaíochta, miotail). Is saintréith de na margaí tráchtearraí sin rannpháirtíocht eintiteas neamhairgeadais den chuid is mó. Áirítear le heintitis den sórt sin den chuid is mó táirgeoirí tráchtearraí fisiceacha, cuideachtaí fóntais, corparáidí móra neamhairgeadais dianfhuinnimh agus déileálaithe tráchtearraí fisiceacha atá ag brath go díreach ar mhargaí na ndíorthach tráchtearraí chun na rioscaí a bhaineann lena ngníomhaíocht tráchtála a mhaolú.

Tá ról tábhachtach ag feidhmiú cuí mhargaí na ndíorthach tráchtearraí maidir le cobhsaíocht agus rathúnas gheilleagar an Aontais agus, a mhéid a bhaineann le margaí na ndíorthach fuinnimh, maidir le hinacmhainneacht fuinnimh san Aontas agus feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh. Leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan([1]) agus an Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne ([2]) ón gCoimisiún, a glacadh i mí Feabhra 2025, cuirtear i dtábhacht ar an gcaoi sin an ról atá ag margaí éifeachtúla, lena n-áirítear margaí na ndíorthach ([3]). Ina theannta sin, is comhpháirt chriticiúil de mhargaí airgeadais na hEorpa é córas na ndíorthach tráchtearraí, rud thugann an cumas do rannpháirtithe sa mhargadh rioscaí a bhainistiú agus infheistíocht a dhéanamh i raon díorthach tráchtearraí, lena n-áirítear lamháltais astaíochtaí (LAEnna) agus díorthaigh lamháltas astaíochtaí. Dá bhrí sin, tá margaí do dhíorthaigh tráchtearraí san Aontas faoi réir tacar fairsing rialacha lena bhfreastalaítear ar chineál sonrach na n-ionstraimí sin agus ar a n-ábharthacht maidir le geilleagar an Aontais.

Cuireann an Coimisiún Eorpach an tuarascáil seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle de bhun Airteagal 90(5) den Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais (MiFID II) (Treoir (AE) 2014/65). Agus an tuarascáil seo á hullmhú aige, i gcomhréir leis an gceanglas a leagtar amach in Airteagal 90(5) de MiFID II, d’iarr an Coimisiún ionchur ón Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA), ón Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) agus ón nGníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER). Chuir ESMA agus ACER an t-ionchur a iarradh isteach. Chuir ÚBE in iúl don Choimisiún Eorpach gur ghá anailís níos doimhne a dhéanamh ar a ionchur maidir le margaí tráchtearraí agus, dá bhrí sin, nár áiríodh é ina fhreagra ar Ghlao an Choimisiúin ar Chomhairle chun críocha na dtuarascálacha ar na ceanglais stuamachta is infheidhme maidir le gnólachtaí infheistíochta([4]). Dá bhrí sin, ní ionchorpraítear ionchur ÚBE sa tuarascáil seo.

Chuaigh an Coimisiún Eorpach i gcomhairle freisin le rannpháirtithe sa mhargadh trí chomhairliúchán spriocdhírithe a bhí ar oscailt ar feadh tréimhse 8 seachtaine ó mhí Feabhra go mí Aibreáin 2025 ([5]). San iomlán, fuarthas 94 fhreagra, ar tháinig 67 gcinn díobh sin ón tionscal (lena n-áirítear 12 mhalartán agus a gcomhlachais) agus 12 cheann díobh ó údaráis phoiblí agus ó rialtóirí margaidh. Agus an tuarascáil seo á hullmhú aige, rinne an Coimisiún breithniú cúramach ar na freagraí sin agus d’athbhreithnigh sé na sonraí ábhartha agus na treochtaí margaidh chun a mheasúnú a fhorlíonadh.

---

([1]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A52025DC0085

([2]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A52025DC0079&qid=1741780110418

([3]) Tagraítear sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan agus sa Phlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne araon don Tascfhórsa um na Margaí Gáis a bhunaigh an Coimisiún, a rinne grinnscrúdú, i measc nithe eile, ar fheidhmiú an mhargaidh do dhíorthaigh gháis.

([4]) CfA_IFR and IFD review - final.pdf

([5]) Comhairliúchán spriocdhírithe faoin athbhreithniú ar fheidhmiú mhargaí na ndíorthach tráchtearraí agus gnéithe áirithe a bhaineann le spotmhargaí fuinnimh 2025 - Airgeadas

I gcomhréir leis an gceanglas a leagtar amach in Airteagal 90(5) de MiFID II, déantar measúnú sa tuarascáil, i gcás gach ceann de na gnéithe seo a leanas, ar a rannchuidiú le leachtacht agus feidhmiú cuí margaí Eorpacha le haghaidh díorthaigh tráchtearraí, LAEnna nó díorthaigh LAEnna:

(a) na córais teorann suímh agus rialuithe bainistíochta suímh a bhíonn ag brath ar shonraí arna soláthar ag údaráis inniúla do ESMA i gcomhréir le hAirteagal 57(5) agus (10) de MiFID II;

(b) na heilimintí dá dtagraítear sa dara fomhír agus sa tríú fomhír d'Airteagal 2(4) de MiFID agus na critéir lena gcinntear cathain a mheasfar gníomhaíocht a bheith coimhdeach leis an bpríomhghnó ar leibhéal grúpa de bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1833 ón gCoimisiún ([2]), agus an méid seo a leanas á chur san áireamh: (i) an cumas idirbhearta a dhéanamh chun rioscaí a bhaineann go díreach leis an ngníomhaíocht tráchtála nó leis an ngníomhaíocht um maoiniú cisteáin a laghdú go héifeachtach; (ii) cur i bhfeidhm na gceanglas ón 26 Meitheamh 2026 maidir le gnólachtaí infheistíochta atá speisialaithe i ndíorthaigh tráchtearraí nó LAEnna nó díorthaigh díobh mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/2033; (iii) agus ceanglais ar chontrapháirtithe airgeadais mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 648/2012;

(c) na príomhghnéithe chun tacar sonraí comhchuibhithe a fháil d'idirbhearta ag margadh na ndíorthach tráchtearraí chuig eintiteas bailithe aonair, agus an fhaisnéis ábhartha maidir le sonraí idirbheart atá le cur ar fáil go poiblí agus an fhormáid is iomchuí.

Ina theannta sin, rinneadh tograí áirithe sa Tuarascáil maidir le todhchaí iomaíochas na hEorpa a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2024 le haghaidh athruithe ar an gcreat rialála lena rialaítear margaí na ndíorthach tráchtearraí.

## 2. GNÉITHE SONRAÍ A BHAINEANN LE DÍORTHAIGH TRÁCHTEARRAÍ

*Cúlra*

Tá trádáil díorthach tráchtearraí faoi réir ceanglais trédhearcachta agus tuairiscithe faoi MiFID II, MiFIR agus EMIR. Ní dhéantar idirdhealú leis na rialacha sin ar bhonn an tráchtearra fholuitigh. Thairis sin, tá díorthaigh tráchtearraí fuinnimh faoi réir ceanglais tuairiscithe freisin (cé go bhfuil forálacha ann chun tuairisciú dúbailte a sheachaint) faoi Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 (RSTMF).

Cé go ngabhtar le tuairisciú chuig stórtha trádála faoi EMIR gach idirbheart díorthach tráchtearraí lena mbaineann contrapháirtí amháin de chuid an Aontais ar a laghad, bíonn ceanglais tuairiscithe faoi MiFID II/MiFIR éagsúil ag brath ar an gcineál sonraí, ar an eintiteas a fhaigheann na sonraí tuairiscithe agus ar cé acu a dhéantar nó nach ndéantar an trádáil ar ionad trádála. Tá mionsonraí in MiFIR freisin maidir leis na coinníollacha faoina bhfuil roinnt sonraí réamhthrádála (ordú) agus roinnt sonraí a bhaineann le hidirbhearta in ionstraimí airgeadais le scaipeadh ar an bpobal. Foráiltear le MiFID II go ndéanfaidh ionaid trádála faisnéis maidir le suíomhanna a thuairisciú go laethúil d'údaráis inniúla náisiúnta (ÚINanna) a mhéid a bhaineann le rannpháirtithe sa mhargadh atá gníomhach ar a n-ionad([6]). Ceanglaítear ar rannpháirtithe sa mhargadh, dá réir sin, a suíomhanna i gconarthaí díorthach a thrádáiltear ar an ionad sin a thuairisciú go laethúil d'ionaid trádála ([7]) . Ar

([6]) Airteagal 58(1) de MiFID II.
([7]) Airteagal 58(3) de MiFID II.

deireadh, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta suíomhanna i gconarthaí thar an -gcuntar atá coibhéiseach go heacnamaíoch a thuairisciú don ÚIN ábhartha([8]) ar bhonn laethúil ([9]) .

Le RSTMF, arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 2024/1106 (RSTMF II) agus le Rialachán Cur Chun Feidhme RSTMF (AE) 1348/2014 (RCCF RSTMF), tugadh isteach ceanglais tuairiscithe mhionsonraithe maidir le hidirbhearta agus orduithe chun trádáil a dhéanamh atá nasctha le táirgí mórdhíola fuinnimh([10]) .

Le RSTMF II, a tháinig i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2024, bunaíodh oibleagáid chun sásraí comhroinnte sonraí a shocrú idir rialtóirí éagsúla, lena n-áirítear ACER, ESMA, Eurofisc, an Coimisiún Eorpach, údaráis rialála náisiúnta (NRAnna), ÚINanna agus údaráis ábhartha eile san Aontas. Ina theannta sin, toisc go gcumhdaítear le RSTMF díorthaigh fuinnimh mar tháirgí mórdhíola fuinnimh, le forálacha sonracha faoi RSTMF II, cuirtear cosc ar thuairisciú dúbailte faoin leabhar rialacha airgeadais agus faoi RSTMF II araon. Ar an gcaoi sin, foráiltear le RSTMF II nár cheart daoine a thuairiscigh idirbhearta i gcomhréir le MiFIR nó EMIR a bheith faoi réir oibleagáidí tuairiscithe dúbailte a bhaineann leis na hidirbhearta sin ([11]).

Is iomaí bealach tuairiscithe atá mar thoradh ar an gcreat rialála atá ann faoi láthair, agus rochtain ar shonraí teoranta do rialtóirí sonracha. Mar shampla, faigheann ACER agus ÚRNanna sonraí maidir le táirgí mórdhíola fuinnimh (i dteannta roinnt sonraí airgeadais trí rochtain ar shonraí stórtha trádála EMIR le haghaidh táirgí mórdhíola fuinnimh a cháilíonn freisin mar ionstraimí airgeadais), agus faigheann ESMA agus ÚINanna sonraí airgeadais. De dheasca na deighilte sin, fágtar nach sroicheann na sonraí atá ar fáil do mhaoirseoirí fuinnimh rialtóirí airgeadais i gcónaí, agus *vice versa*, rud a d'fhéadfadh bac a chur ar mhaoirseacht trasmhargaidh. Mar shampla, níl rochtain chórasach ag ESMA ná ag ÚINanna ar shonraí maidir le táirgí 'gearradh amach C6' agus táirgí spotmhargaidh a thuairiscítear do ACER. Ina theannta sin, de dheasca caighdeáin tuairiscithe éagsúla idir MiFIR/EMIR agus RSTMF II déantar tuairisciú agus anailís sonraí níos casta, fiú i gcás táirgí gaolmhara.

Tugadh aghaidh sa chomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara ar ilghnéithe sonraí. Rinneadh imscrúdú ann féachaint an raibh rochtain leordhóthanach ag ESMA ar shonraí idirbheart trí ÚINanna. Rinneadh iniúchadh ann freisin ar réimsí ina bhféadfaí feabhas a chur ar chomhroinnt faisnéise agus ar rochtain ar fhaisnéis ábhartha nó iad a chuíchóiriú agus an bhféadfaí an tuairisciú a chomhchuibhiú ar bhealach níos fearr ar fud na leabhar rialacha airgeadais agus fuinnimh araon. Rogha a d'fhéadfadh a bheith ann a pléadh sa chomhairliúchán ba ea sásra láraithe bailithe sonraí a chruthú le haghaidh spotchonarthaí agus conarthaí díorthach. Rinneadh iarracht sa chomhairliúchán a shoiléiriú freisin, i gcomhthéacs sásra láraithe bailithe sonraí, ar do (i) stórtha trádála, (ii) sásraí tuairiscithe cláraithe, (iii) tríú heintiteas a dhéanfadh na sonraí ábhartha a fhaightear ó stórtha trádála agus ó shásraí tuairiscithe cláraithe a chomhdlúthú, lena n-áiritheofaí rochtain chomhionann ar gach rialtóir, amhail ESMA, ACER, NRAnna, ÚINanna, agus an Coimisiún, nó (iv) aon eintiteas eile, ba cheart na sonraí ábhartha a thuairisciú. Ar deireadh, áiríodh sa chomhairliúchán ceisteanna maidir le cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh an sásra lárnach bailithe sonraí a bheith ina ionad ilfhreastail freisin le haghaidh an tuairiscithe sonraí a dhéanann rannpháirtithe sa mhargadh atá gníomhach maidir le margaí fisiceacha/spotmhargaí tráchtearraí agus margaí díorthach tráchtearraí araon, rud a mhaolódh an t-ualach tuairiscithe ar dhéileálaithe tráchtearraí. Ar deireadh, fiosraíodh sa chomhairliúchán ar

([8]) Do ÚIN an mhargaidh is leachtaí le haghaidh an díorthaigh tráchtearraí a bhfuil an conradh thar an gcuntar coibhéiseach leis.
([9]) Airteagal 58(2) de MiFID II.
([10]) Airteagal 2(4) de RSTMF II.
([11]) Foráiltear freisin le hAirteagal 6(5) de RCCF RSTMF 'I gcás ina mbeidh mionsonraí idirbheart tuairiscithe ag daoine i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 nó le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, measfar go bhfuil a n-oibleagáidí maidir le tuairisciú na mionsonraí sin faoi Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 comhlíonta'.

cheart cur chuige malartach i leith an tsásra láraithe bailithe a mheas, ar dá réir a bheadh rochtain chórasach ag ÚINanna ar bhunachar sonraí ACER agus *vice versa*.

Ar deireadh, moladh sa Tuarascáil maidir le todhchaí iomaíochas na hEorpa 2024 sonraí idirbheart agus suímh a bhaineann le díorthaigh fuinnimh thar an gcuntar a bhailiú. Tugann an Coimisiún dá aire go n-áirítear cheana féin in EMIR tuairisciú na n-idirbheart uile i ndíorthaigh, lena n-áirítear idirbhearta thar an gcuntar, lena mbaineann contrapháirtí amháin de chuid an Aontais ar a laghad. Os a choinne sin, a mhéid a bhaineann le sonraí suímh, agus mar a thugtar faoi deara i Roinn 4 den tuarascáil seo, ní cheanglaítear faoi láthair ar eintitis nach gnólachtaí infheistíochta iad suíomhanna thar an gcuntar a thuairisciú do rialtóirí an Aontais([12]) .

*Aiseolas ó pháirtithe leasmhara agus measúnú*

Maidir le comhchuibhiú an tuairiscithe, d'aontaigh níos mó ná leath de na freagróirí gur cheart tuairisciú, mar shampla, tuairisciú maidir le hidirbhearta, faoi RSTMF II agus MiFID II/MiFIR/EMIR a chuíchóiriú, agus gur cheart deireadh a chur leis an tuairisciú dúbailte. Mar sin féin, chuir siad i dtábhacht go bhfuil cuspóirí éagsúla ag baint le gach ceann de na creata tuairiscithe airgeadais agus fuinnimh agus go bhfuil saintréithe uathúla ag baint leo agus thug siad rabhadh in aghaidh athruithe láithreacha ar na córais tuairiscithe faoi seach, agus na costais cur chun feidhme a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar na hathruithe sin á gcur san áireamh freisin. Mar gheall ar na costais a d'fhéadfaí a thabhú sa phróiseas sin, mheas na rannpháirtithe gur cheart measúnú tionchair agus anailís ar chostais agus tairbhe a dhéanamh sula gcuirfí tús le haon obair chomhchuibhithe. D'áitigh naonúr ionadaithe ón tionscal, a raibh trí ionad trádála agus comhlachas malartáin amháin díobh i bhfabhar comhchuibhithe, go sainráite ar son cur chuige céim ar chéim, agus é mar thúsphointe leis sin feabhas a chur ar chomhroinnt sonraí i measc na n-údarás rialála, sula mbreithneofaí ollchóiriú a dhéanamh ar na ceanglais tuairiscithe atá ann cheana. Mhol roinnt freagróirí ó thaobh na maoirseachta/na rialála de gur cheart teacht ar réimsí coiteanna tuairiscithe sonraí i réimsí na sonraí fuinnimh agus airgeadais araon, lena n-áirítear aitheantóirí uathúla coiteanna a úsáid, ar bhonn caighdeáin dhomhanda.

Aithníonn an Coimisiún go bhfuil athruithe ar fhormáidí tuairiscithe i gceist leis an ollchóiriú ar chaighdeáin tuairiscithe chomh maith leis na costais oiriúnaithe ghaolmhara sa ghearrthéarma, cé gur dócha go mbeidh tairbhí fadtéarmacha ag baint leis i bhfoirm creat simplithe. Thairis sin, d'fhéadfaí tuairisciú ar aicmí eile díorthach faoi EMIR a dhéanamh níos casta, de dheasca na n-athruithe sin, ós rud é nach bhfuil tuairisciú EMIR teoranta do dhíorthaigh tráchtearraí.

Ní raibh na páirtithe leasmhara ar aon intinn faoi shásra láraithe bailithe sonraí a chruthú. Bhí leath na bhfreagróirí den tuairim go bhféadfadh sásra láraithe den sórt sin tuairisciú a éascú, ar choinníoll go gcuireann sé leis an mbonneagar atá ann cheana agus nach dtugtar isteach leis ceanglais nua sonraí ná sraitheanna breise castachta nó costas. Os a choinne sin, bhí eagla ar an leath eile go mbeadh costais cur chun feidhme ann agus luaigh siad gnéithe atá go hiomlán éagsúil sna margaí, rud a fhágann go bhfuil údar leis na córais tuairiscithe éagsúla atá i bhfeidhm faoi láthair. Luaigh dhá rialtóir go dtabharfadh cur chuige tuairiscithe láraithe rochtain do ÚINanna, do TACanna, do ESMA agus do ACER ar an tacar sonraí cuimsitheach comhdhlúite céanna, rud a thabharfadh léargas iomlánaíoch maoirseachta dóibh ar mhargaí fisiciúla agus ar mhargaí na ndíorthach araon.

De rogha air sin, fiú ina measc siúd a bhí i bhfabhar sásra láraithe den sórt sin, rinneadh moltaí chun forálacha REMIT II atá ann cheana a ghiaráil agus a léiriú, lena ndéantar foráil maidir le sásraí forleathana comhair agus malartaithe faisnéise ar fud rialtóirí éagsúla, sa leabhar rialacha airgeadais chun feabhas a chur ar shreabhadh sonraí idir ACER agus údaráis airgeadais (agus *vice-versa*) mar réiteach níos costéifeachtaí. Sheachnófaí iarrataí *ad hoc* le cur chuige den sórt sin freisin. Dá bhrí sin,

---

([12]) Ach amháin má dhéanann siad idirbheart trí ghnólacht infheistíochta de chuid an Aontais, agus sa chás sin tuairiscíonn an gnólacht infheistíochta thar a gceann.

bhí na páirtithe leasmhara níos fáiltí maidir le feabhas a chur ar chomhroinnt sonraí i measc rialtóirí ná maidir le sásra iomlán nua a chur chun feidhme. Aontaíonn an Coimisiún go mbeadh comhroinnt sonraí níos córasaí agus níos institiúidithe agus rochtain fhrithpháirteach ar shonraí ag maoirseoirí airgeadais agus fuinnimh araon an-inmhianaithe.

Agus athruithe ar rialacha trédhearcachta réamhthrádála agus iarthrádála á mbreithniú (go háirithe a mhéid a bhaineann le gníomhaíocht trádála ar shaoráidí trádála iltaobhacha agus ar shaoráidí trádála eagraithe), chuir 70 % de na freagróirí in aghaidh aon leasú ar na rialacha atá ann faoi láthair agus luaigh siad neamhchosaint fhéideartha na rannpháirtithe maidir lena straitéisí fálaithe, agus cineál uathúil na margaí tráchtearraí. Luaigh roinnt freagróirí, roimh an athbhreithniú ar MiFIR([13]) , go raibh díorthaigh tráchtearraí a thrádáiltear ar shaoráidí trádála iltaobhacha agus ar shaoráidí trádála eagraithe faoi réir trédhearcacht réamhthrádála agus iarthrádála go díreach de bhua iad a bheith á dtrádáil ar na hionaid trádála sin. Thángthas ar an gconclúid san athbhreithniú nár cheart raon feidhme thrédhearcacht na ndíorthach a bheith ag brath ar choincheap ‘na trádála ar ionad trádála’ mar gheall ar easpa idirmhalartachta na gconarthaí sin. D’áitigh na freagróirí nár cheart feidhm a bheith ag na ceanglais trédhearcachta ach amháin maidir le díorthaigh atá caighdeánaithe go leordhóthanach chun go mbeidh na sonraí a fhoilsítear i ndáil leo fóinteach do rannpháirtithe sa mhargadh. Aithníonn an Coimisiún, in aon chás, go bhfuil gníomhaíocht trádála i ndíorthaigh tráchtearraí imeallach faoi láthair ar shaoráidí trádála eagraithe (0,3 % de na méideanna a trádáladh in 2024)([14]) , agus nach ann di ar shaoráidí trádála iltaobhacha([15]) .

Chuir 44 fhreagróir, as 48 bhfreagróir a chuir tuairimí in iúl maidir leis an ábhar sin, in aghaidh sonraí réamhthrádála agus/nó iarthrádála maidir le díorthaigh tráchtearraí arna dtrádáil ar an malartán a áireamh sa teilitéip chomhdhlúite. Thug go leor acu dá n-aire, murab ionann agus díorthaigh thar an gcuntar, go ndéantar díorthaigh arna dtrádáil ar an malartán a thrádáil ar mhargaí rialáilte, rud a fhágann go bhfuil méideanna praghsála agus trádála ar fáil go poiblí cheana, agus go bhfuil gníomhaíocht trádála comhchruinnithe i líon an-bheag margaí rialáilte (agus ar an gcaoi sin teorainn a chur leis an mbreisluach a bhaineann le teilitéip chomhdhlúite don aicme sócmhainní sin). Níor thacaigh ach ceathrar rannpháirtithe ón earnáil fuinnimh le sonraí réamhthrádála agus/nó iarthrádála maidir le díorthaigh tráchtearraí arna dtrádáil ar an malartán a áireamh sa teilitéip chomhdhlúite.

*Conclúidí ó mheasúnú an Choimisiúin*

Aithníonn an Coimisiún go bhfuil an creat tuairiscithe atá ann faoi láthair le haghaidh díorthaigh tráchtearraí casta. Is fíor sin go háirithe i gcás díorthaigh tráchtearraí fuinnimh, ós rud é go bhfuil an spotmhargadh foluiteach agus díorthaigh fuinnimh araon faoi réir oibleagáidí tuairiscithe tiomnaithe faoi RSTMF II, agus tuairiscítear na díorthaigh sin faoin gcreat airgeadais freisin (murab ionann agus cineálacha eile díorthach tráchtearraí nach dtuairiscítear ach faoin reachtaíocht airgeadais). Cé go bhfuil forálacha in RSTMF II chun tuairisciú dúbailte a chosc, mar a luaitear thuas, d’fhéadfadh sé go bhféadfaí éifeachtúlachtaí a mhéadú fós sna próisis tuairiscithe atá ann cheana.

Cé go gcuideodh comhchuibhiú na gcaighdeán tuairiscithe agus cuíchóiriú na gceanglas tuairiscithe leis na creataí ábhartha a shimpliú, leis an ualach ar ghnólachtaí a laghdú agus leis na sonraí a úsáideann maoirseoirí a chuíchóiriú, bheadh gá le measúnú críochnúil a dhéanamh ar na leasuithe is gá ar an reachtaíocht ábhartha agus ar na costais ghaolmhara do rannpháirtithe sa mhargadh agus do

([13]) Rialachán (AE) 2024/2809 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2017/1129, (AE) Uimh. 596/2014 agus (AE) Uimh. 600/2014 chun margaí caipitil poiblí san Aontas a dhéanamh níos tarraingtí do chuideachtaí agus chun rochtain ar chaipiteal a éascú d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide

([14]) Is é is cúis leis sin freisin go ndéantar conarthaí a shocraítear go fisiceach agus a thrádáiltear ar shaoráidí trádála eagraithe a ghearradh amach ón reachtaíocht airgeadais, agus dá bhrí sin ní mheastar gur ionstraim airgeadais iad (‘táirgí gearradh amach C6’).

([15]) Foinse: Sonraí ESMA.

mhaoirseoirí/rialtóirí araon. Ar an gcaoi chéanna, cé go bhfuil sé inmhianaithe ar an iomlán mar thoradh deiridh, d'fhéadfadh dúshláin mhóra a bheith ag baint le sásra tuairiscithe aonair a chruthú i dtéarmaí na gcostas cur chun feidhme agus na deacrachta a d'fhéadfadh a bheith ann idirdhealú a dhéanamh idir tuairisciú ar dhíorthaigh tráchtearraí agus tuairisciú ar dhíorthaigh eile.

Faoi chur chuige céimnitheach a d'fhéadfadh a bheith ann, d'fhéadfaí bearta gearrthéarmacha a fhiosrú chun comhroinnt sonraí idir údaráis a éascú agus chun feabhas a chur ar idir-inoibritheacht na dtacar sonraí. D'fhéadfaí a áireamh leis sin institiúidiú malartú sonraí idir rialtóirí airgeadais agus fuinnimh, agus rochtain chórasach á deonú ar shonraí maoirseachta faoi seach, rud a chuirfeadh deireadh leis an ngá atá le hiarrataí ar rochtain *ad hoc*. D'fhéadfadh an Coimisiún féachaint freisin ar fhormáidí aitheantóra uathúla a ghlacadh le haghaidh idirbhearta a thuairiscítear faoi chreataí airgeadais agus fuinnimh araon.

Ar deireadh, a mhéid a bhaineann le ceanglais trédhearcachta réamhthrádála agus iarthrádála, tá an Coimisiún den tuairim go n-áirithítear leis an gcreat atá ann faoi láthair leibhéal leordhóthanach faisnéise poiblí agus, dá bhrí sin, nach bhfuil údar le haon athruithe ina leith sin. Tá feidhm ag na conclúidí sin freisin maidir le LAEnna agus conarthaí díorthach LAE.

## 3. AN DÍOLÚINE Ó GHNÍOMHAÍOCHT CHOIMHDEACH

*Ról agus feidhmiú*

Is saintréith de mhargaí na ndíorthach tráchtearraí rannpháirtíocht shuntasach eintiteas nach mbaineann a bpríomhghnó le soláthar seirbhísí airgeadais ach a bhraitheann ar mhargaí díorthach chun a suíomhanna sna margaí foluiteacha fisiceacha a fhálú nó, i gcásanna áirithe, leas a bhaint as gluaiseachtaí margaidh chun brabús a ghiniúint.

Is eintitis neamhairgeadais thart ar -dhá thrian de rannpháirtithe sa mhargadh todhchaíochtaí gáis nádúrtha([16]) , agus thart ar 60 % de rannpháirtithe sa mhargadh todhchaíochtaí cruithneachta([17]) i dtéarmaí suíomhanna arna sealbhú ina margaí faoi seach. Gníomhaíonn roinnt eintitis neamhairgeadais mar chruthaitheoirí margaidh freisin agus d'fhéadfadh siad a bheith gníomhach freisin i margaí fisiceacha/spotmhargaí agus i margaí na ndíorthach araon. Leis an díolúine ó ghníomhaíocht choimhdeach (DGC) a leagtar amach in Airteagal 2(1), pointe (j), de MiFID II, díolmhaítear faoi láthair rannpháirtithe áirithe sa mhargadh neamhairgeadais a bhíonn ag trádáil díorthach tráchtearraí ón gceanglas údarú MiFID II a fháil (agus ó na ceanglais chomhlíontachta ghaolmhara) má dhéantar an ghníomhaíocht trádála sin ar a gcuntas féin agus mura bhfuil baint aici le forghníomhú orduithe cliant, nó má sholáthraítear léi seirbhísí infheistíochta i ndíorthaigh tráchtearraí nó lamháltais astaíochtaí nó díorthaigh díobh do chustaiméirí nó do sholáthróirí a bpríomhghnó, ar choinníoll go meastar go bhfuil an ghníomhaíocht 'coimhdeach' lena bpríomhghnó, cibé acu ar bhonn aonair nó ar bhonn comhiomlán.

Úsáidtear trí thástáil mhalartacha faoi MiFID II chun a chinneadh an bhfuil gníomhaíocht ghnólachta coimhdeach lena phríomhghnó. Is leor aon cheann de na tástálacha sin a chomhlíonadh chun tairbhiú den díolúine:

- an tástáil *de minimis*, le haghaidh eintitis a bhfuil a neamhchosaint bharúlach ghlan gan íoc i ndíorthaigh tráchtearraí nó i lamháltais astaíochtaí nó i ndíorthaigh díobh le haghaidh

(16) esma70-446-775_preliminary_data_report_on_mcm.pdf

(17) *Analysis of MIFID II position data on commodity derivatives: who are the market participants and what is their weight in the matif grain derivatives segment?* [Anailís ar shonraí suímh MIFID II maidir le díorthaigh tráchtearraí: cé hiad na rannpháirtithe sa mhargadh agus cén tábhacht atá leo i ndeighleog díorthach grán MATIF?]

socraíocht airgid thirim a thrádáiltear san Aontas, cé is moite de dhíorthaigh tráchtearraí nó lamháltais astaíochtaí nó díorthaigh díobh a thrádáiltear ar ionad trádála, faoi bhun tairseach bhliantúil EUR 3 bhilliún;

- an tástáil *trádála*, le haghaidh eintitis arb é méid a ngníomhaíochtaí a bhaineann le díorthaigh tráchtearraí 50 % nó níos lú de mhéid iomlán ghníomhaíochtaí trádála eile an ghrúpa;
- an tástáil ar *chaipiteal in úsáid*, le haghaidh eintitis arb é a chaipiteal measta in úsáid chun a ngníomhaíochtaí a dhéanamh a bhaineann le díorthaigh tráchtearraí méid nach mó ná 50 % den chaipiteal in úsáid ar leibhéal an ghrúpa chun an príomhghnó a dhéanamh.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go n-eisiatar leis na tairseacha thuas uile gníomhaíocht trádála atá nasctha le fálú.

Tá impleachtaí leathana ag baint le cáiliú mar ghnólacht infheistíochta faoi MiFID II. Ní hamháin go dtugtar le fios leis cur i bhfeidhm cheanglais eagraíochtúla agus oibríochtúla MiFID II (agus an ról maoirseachta gaolmhar agus na cumhachtaí smachtbhannaí gaolmhara atá ag ÚINanna), ach bíonn cáilíocht mar chontrapháirtí airgeadais faoi Rialachán (AE) 648/2012 (EMIR) i gceist leis freisin, go háirithe maidir leis na ceanglais ghaolmhara i dtéarmaí éarlaise dhéthaobhacha a mhalartú agus iad i mbun trádáil díorthach, agus cur i bhfeidhm an chórais stuamachta faoi Rialachán (AE) 2019/2033 (Rialachán maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta, RCS) agus Treoir (AE) 2019/2034 (Treoir maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta, TCS), lena n-áirítear na ceanglais chaipitil agus leachtachta ghaolmhara. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil roinnt príomhcheanglas faoin leabhar rialacha airgeadais infheidhme maidir le gach eintiteas, gan beann ar cé acu a cháilíonn nó nach gcáilíonn siad mar ghnólachtaí infheistíochta. Áirítear leis sin ceanglais a bhaineann le drochúsáid mhargaidh, teorainneacha suímh agus tuairisciú faoi EMIR.

In 2021, leis an bPacáiste Téarnamh um Margaí Caipitil, tugadh isteach roinnt athruithe chun cuid den ualach riaracháin a bhíonn ar infheisteoirí a bhfuil taithí acu ina gcaidrimh gnólacht le gnólacht a laghdú, agus chun deiseanna a sholáthar do mhargaí tráchtearraí nuaghinte a leachtacht a fhorbairt agus a dhoimhniú a thuilleadh agus tuilleadh feabhais a chur uirthi. Le Treoir (AE) 2021/338, simplíodh an tástáil le haghaidh DGC, tríd an tairseach *de minimis* thuasluaite atá bunaithe ar nochtadh a thabhairt isteach. Cuireadh deireadh leis an oibleagáid a bhí ar rannpháirtithe sa mhargadh fógra a thabhairt gach bliain maidir le comhlíonadh chritéir DGC agus cuireadh ina hionad an fhéidearthacht do ÚINanna faisnéis a éileamh ar bhonn *ad hoc*.

Tá rialacha i bhfeidhm i ndlínsí eile freisin, amhail na Stáit Aontaithe agus an Ríocht Aontaithe, ionas nach dtiocfaidh eintitis a thrádálann díorthaigh tráchtearraí mar ghníomhaíocht choimhdeach faoi reachtaíocht airgeadais. Sna Stáit Aontaithe, leis an *Swap Dealer De Minimis Exception*, díolmhaítear eintitis nach mó a ngníomhaíocht chomhlán socraithe babhtála ná USD 8 mbilliún i gcaitheamh tréimhse 12 mhí ón gceanglas clárú le CTTT. Faoin eisceacht atá sna Stát Aontaithe, ní chumhdaítear ach gníomhaíocht socraithe a dhéantar ar mhaithe le cliant agus eisiatar ó na ríomhanna tairsí aon ghníomhaíocht trádála dílseánaigh. Ag an gcéim seo, níl aon fhianaise ann go bhfuil sé i gceist ag mórdhlínsí eile a gcoibhéis fheidhmiúil de GDC a dhéanamh níos doichte.

Ar deireadh, tagraítear sa tuarascáil maidir le todhchaí iomaíochas na hEorpa do na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le rannpháirtithe móra sa mhargadh, go háirithe rannpháirtithe fuinnimh, a thabhairt faoi stádas gnólachta infheistíochta chun trédhearcacht margaidh a fheabhsú agus chun an riosca mí-iompair a laghdú.

*Aiseolas ó pháirtithe leasmhara agus measúnú*

Rinneadh iniúchadh mionsonraithe sa chomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara ar na gnéithe ábhartha uile d'fheidhmiú DGC, amhail a úsáidí atá an díolúine inti féin, oiriúnacht na dtrí thástáil agus leordhóthanacht na modheolaíochtaí (e.g., tairseacha comhlánbhunaithe in áit tairseach ghlanbhunaithe).

Luaigh páirtithe leasmhara go comhsheasmhach a thábhachtaí atá DGC chun rannpháirtíocht leanúnach gníomhaithe neamhairgeadais den chuid is mó i margaí tráchtearraí a áirithiú. D'áitigh páirtithe leasmhara nach amháin go raibh gá leis an díolúine d'eintitis den sórt sin chun a neamhchosaintí tráchtála a fhálú go leormhaith agus a n-oibríochtaí a phleanáil ar bhealach éifeachtúil, ach freisin chun doimhneacht mhargaí na ndíorthach tráchtearraí san Aontas a chaomhnú. Luaigh freagróirí freisin an breisluach a bhaineann le gníomhaíocht trádála neamhfhálaithe, lena n-áirítear ag gnólachtaí neamhairgeadais a thairbhíonn de DGC, chun cur le doimhneacht agus leachtacht an mhargaidh, le comhchruinniú laghdaithe, agus le praghasmhúnlú trí léargas saineolach a thabhairt chuig an margadh.

Thacaigh beagnach gach páirtí leasmhar d'aon toil leis an ngá atá le cobhsaíocht rialála a chaomhnú sa réimse sin, tar éis na n-athruithe a cuireadh chun feidhme in 2021 le PTMC. Ar chúiseanna comhchosúla, diúltaíodh do mholtaí chun an tástáil a shimpliú, e.g. trí dhíriú ar thrádáil dílseánaigh amháin mar a fheictear i ndlínsí eile, agus do mholtaí chun an tástáil a neartú, d'fhonn cobhsaíocht rialála a choinneáil ar bun.

Ar an iomlán, tugadh le fios sa chomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara go mbeadh iarmhairtí forleathana ag géarú DGC ar oibriú gnólachtaí a thairbhíonn de DGC faoi láthair. Bhí ionadaithe tionscail agus rialtóirí den tuairim sin den chuid is mó. Ba iad seo a leanas na príomhspreagthaí costais a sainaithníodh:

(i) oibleagáidí stuamachta mar thoradh ar cheanglais chaipitil agus leachtachta RCS/TCS a chur i bhfeidhm;
(ii) ceanglais éarlaise le haghaidh trádálacha thar an gcuntar mar thoradh ar athcháiliú mar chontrapháirtithe airgeadais faoi EMIR; agus
(iii) costais chomhlíontachta fhoriomlána le ceanglais MiFID II.

Chuir freagróirí an chomhairliúcháin, lena n-áirítear trí údarás phoiblí, ábhair imní in iúl go bhféadfadh méadú géar ar chostais oibríochtúla, nó deacrachtaí maidir le riosca a bhainistiú go leormhaith (e.g., mar gheall ar dhálaí margaidh meathlaithe, féach thíos) a bheith mar thoradh ar ghéarú na gcoinníollacha do DGC. Aithníonn an Coimisiún go bhféadfadh costais chomhlíontachta bhreise a bheith mar thoradh ar athruithe den sórt sin agus, ar bhonn na rialacha stuamachta atá ann faoi láthair, go bhféadfadh srianta caipitil breise a bheith ann chun críoch stuamachta. Cé gur cheart measúnú a dhéanamh ar na heilimintí sin i bhfianaise na dtairbhí a bhfuil coinne leo, agus cé go bhféadfaí géarú DGC gníomhaíochtaí trádála glactha riosca a laghdú go teoiriciúil trí shrian a chur le gníomhaíochtaí trádála neamhfhálaithe tairbhithe den díolúine sin atá ann faoi láthair, thug freagróirí dá n-aire go bhféadfadh an staid sin a bheith ina riosca mar sin féin go bhféadfadh roinnt gnólachtaí, nach bhfuil faoi réir rialacháin iompair airgeadais agus stuamachta faoi láthair, imeacht as na margaí sin. Dá n-imeodh líon mór gnólachtaí atá ann cheana, mura mbeadh rannpháirtithe nua sa mhargadh ina n-ionad, d'fhéadfadh laghdú ar dhoimhneacht, leachtacht agus éifeachtúlacht na margaí tráchtearraí a bheith mar thoradh air sin, rud a d'fhágfadh go mbeadh margaí níos comhchruinnithe, costais níos airde agus iontaofacht níos ísle fálaithe ann. Thug roinnt páirtithe leasmhara dá n-aire go bhféadfaí na costais mhéadaithe sin, bídís díreach nó mar gheall ar fhálú neamhfhoirfe, a chur ar aghaidh ar deireadh mar phraghsanna tráchtearraí níos airde chuig custaiméirí deiridh.

Rinneadh iarracht sa chomhairliúchán freisin measúnú a dhéanamh i dtaobh ar bhraith páirtithe leasmhara go bhféadfadh ceanglais stuamachta maolú a dhéanamh ar an strus leachtachta a bhí ar roinnt rannpháirtithe sa mhargadh le linn ghéarchéim fuinnimh 2022 agus le linn na tréimhse

gaolmhaire a raibh borradh faoi ghlaonna ar éarlais. Mheas gach páirtí leasmhar seachas páirtí leasmhar amháin a d'fhreagair, nach maolófaí an cás leis na ceanglais sin agus go bhféadfaí é a dhéanamh níos measa fós mar thoradh orthu, trí rochtain ar leachtacht a shrianadh a thuilleadh.

Luaigh roinnt páirtithe leasmhara go bhfuil feidhm ag roinnt príomhfhorálacha a bhaineann le trádáil na ndíorthach tráchtearraí, amhail rialacha maidir le drochúsáid mhargaidh, tuairisciú suímh, agus teorainneacha suímh, chomh maith le tuairisciú EMIR, gan beann ar stádas rialála déileálaithe tráchtearraí. Cheistigh na páirtithe leasmhara sin an gá agus an breisluach a bhaineann le ceangal a chur ar dhéileálaithe tráchtearraí stádas gnólachta infheistíochta lánfheidhme a bhaint amach. Ní raibh ach triúr freagróirí as 73 fhreagróir a thug aiseolas ar an bpointe sin oscailte don smaoineamh athbhreithniú a dhéanamh ar chóras DGC, agus ní raibh ach duine amháin acu ag iarraidh athchóiriú go sainráite. Luaigh dhá údarás phoiblí (ón mBallstát céanna), má dhéantar athbhreithniú ar DGC, gur cheart córas stuamachta saincheaptha le haghaidh déileálaithe tráchtearraí a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar a bpróifílí riosca sonracha agus ar a samhlacha gnó sonracha. Tugann an Coimisiún dá aire, i dtéarmaí maoirseacht iompair agus formhaoirseacht mhargaidh, nár chuir freagróirí aon eilimint chun cinn a dtabharfaí le fios leo go bhfeabhsódh sláine na margaí dá ndaingneofaí DGC.

Tugann an Coimisiún dá aire go raibh go leor rannpháirtithe den tuairim go gcuirfí rannpháirtithe i margadh tráchtearraí an Aontais faoi mhíbhuntáiste go hiomaíoch i gcomparáid lena bpiaraí domhanda, mar thoradh ar ghéarú chóras DGC, go háirithe ós rud é go nglacann dlínsí eile creataí rialála níos solúbtha.

Maidir le struchtúr agus feidhmiú na dtrí thástáil, léiríodh sa chomhairliúchán go bhfuil gach ceann de na trí thástáil luachmhar agus go n-úsáideann freagróirí iad. Is amhlaidh atá d'ainneoin thuiscint an Choimisiúin nach dteipfeadh ar aon eintiteas a thairbhíonn de DGC faoi láthair sa tástáil *de minimis*. Mheas páirtithe leasmhara go dtabhófaí costais oiriúnaithe do rannpháirtithe sa mhargadh, a bhfuil córais agus nósanna imeachta curtha chun feidhme acu cheana féin chun a dtástáil roghnaithe a chomhlíonadh, mar thoradh ar athrú nó baint aon cheann de na tástálacha sin.

Ar an gcaoi chéanna, mheas páirtithe leasmhara go mbeadh gá le hoiriúnuithe neamhriachtanacha ar aon athrú ar na modheolaíochtaí chun na tairseacha ábhartha a ríomh. Go sonrach, mheas freagróirí go raibh an t-aistriú chuig tairseach chomhlán trádála bunaithe ar ghníomhaíocht, mar a úsáideann na Stáit Aontaithe, bunaithe ar ghníomhaíocht trádála fhoriomlán, ar neamhréir leis an gcur chuige rioscabhunaithe faoi MiFID II, rud a léirítear ar an mbealach is fearr i dtairseach ghlan trádála bunaithe ar ghníomhaíocht.

Ar deireadh, maidir le fógraí bliantúla i ndáil le comhlíontacht thairseacha DGC ag déileálaithe díorthach tráchtearraí a bhaint, bhí níos mó ná leath de na freagróirí den tuairim gur laghdaíodh ualaí riaracháin agus rómhaorlathas leis an leasú ar PTMC. Chuir roinnt freagróirí i dtábhacht go bhféadfadh ÚINanna faisnéis a iarraidh fós ar bhonn *ad hoc*, thar an méid a sholáthraítear cheana féin bunaithe ar thuairisciú MiFID II agus EMIR. Mar sin féin, mhol roinnt freagróirí breithniú a dhéanamh ar fhógra tosaigh aonuaire a thabhairt do ÚIN amháin nó do ESMA chun taifead uile-Aontais a choinneáil ar bun ar eintitis atá gníomhach i margaí na ndíorthach tráchtearraí. Cé nach mbeadh ualach rómhór ag baint le fógra den sórt sin ar ghnólachtaí, d'fhéadfadh sé léargas cuimsitheach a thabhairt do mhaoirseoirí ar rannpháirtithe sa mhargadh (dá mbeadh fógra ó ghnólachtaí a bheadh ag scor dá ngníomhaíocht i margaí na ndíorthach tráchtearraí ag gabháil leis, go háirithe).

*Conclúidí ó mheasúnú an Choimisiúin*

Bunaithe ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara, níor tuairiscíodh aon eilimint ábhartha a thabharfadh le fios nach bhfuil DGC ag feidhmiú go leormhaith. Mar sin féin, ar bhonn an aiseolais sin, is cosúil go bhféadfadh iarmhairtí móra agus forleathana a bheith ag baint le raon feidhme agus oibriú DGC a

athrú, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar iomaíochas ghnólachtaí an Aontais i margaí na ndíorthach tráchtearraí. Ag an gcéim seo, ní thugtar le fios leis na freagraí a chuir páirtithe leasmhara ar fáil go bhfuil géarghá le hathruithe ar DGC. I ndáil leis sin, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil feidhm cheana féin ag príomhfhorálacha iompair, go háirithe maidir le drochúsáid mhargaidh agus teorainneacha suímh, gan beann ar stádas na n-eintiteas trádála mar ghnólachtaí infheistíochta.

Dá mbeartófaí athbhreithniú ar DGC ag tráth níos déanaí, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le níos mó eintiteas a bheith faoi réir údarú agus maoirseachta mar ghnólachtaí infheistíochta, is cosúil go mbeadh córas stuamachta saincheaptha atá i gcomhréir le próifíl riosca na ngnólachtaí atá ag feidhmiú i margaí na ndíorthach tráchtearraí níos iomchuí. D'ainneoin an mhéid thuas, d'fhéadfadh an Coimisiún a mheas, mar a mhol roinnt páirtithe leasmhara, gur cheart do na heintitis uile atá gníomhach ar mhargaí na ndíorthach tráchtearraí fógra aonuaire a thabhairt do ÚINanna, agus iad ag tosú agus ag scor d'oibríochtaí, chun infheictheacht maoirseoirí ar chéannacht rannpháirtithe sa mhargadh a mhéadú. Tá feidhm aige sin freisin maidir le gnólachtaí atá gníomhach i dtrádáil díorthach LAE nó LAE.

## 4. TEORAINNEACHA SUÍMH, RIALUITHE BAINISTÍOCHTA SUÍMH AGUS TUAIRISCIÚ SUÍMH

*Ról agus feidhmiú teorainneacha suímh agus rialuithe bainistíochta suímh*

Is gné bhunúsach de na rialacha lena rialaítear trádáil na ndíorthach tráchtearraí san Aontas iad teorainneacha suímh. Le teorainneacha suímh, cuirtear srian ar mhéid glansuímh is féidir le duine a shealbhú i gcónaí i gconarthaí díorthach tráchtearraí áirithe, agus cuspóir dúbailte acu maidir le (i) trádáil agus socraíocht ordúil a áirithiú, agus (ii) cúbláil margaidh a chosc.

Socraíonn ÚINanna teorainneacha suímh, de réir prionsabal a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1302 agus tar éis tuairim a fháil ó ESMA. Tá feidhm ag teorainneacha suímh maidir le díorthaigh arna dtrádáil ar an malartán agus conarthaí thar an gcuntar atá coibhéiseach go heacnamaíoch (CTCCE). Níl feidhm acu maidir le lamháltais astaíochtaí ná díorthaigh lamháltas astaíochtaí. Níl feidhm acu maidir le 'conarthaí gearradh amach C6', toisc go dtagann ionstraimí den sórt sin lasmuigh den reachtaíocht airgeadais.

Léiríodh go raibh an córas teorainneacha suímh tosaigh a bunaíodh faoi MiFID II róshriantach. Dá bhrí sin, in 2021, le PTMC, maolaíodh an córas go mór chun tacú le forbairt agus doimhniú mhargaí na ndíorthach tráchtearraí. Le PTMC, rinneadh an méid seo a leanas go háirithe:

- raon feidhme na gconarthaí atá faoi réir teorainneacha suímh do dhíorthaigh tráchtearraí talmhaíochta amháin agus do dhíorthaigh tráchtearraí neamhthalmhaíochta mhóra nó chriticiúla a laghdú. Meastar conarthaí a bheith mór nó criticiúil i gcás inar 300,000 beart ar an meán ar a laghad i gcaitheamh tréimhse bliana méid a leasa oscailte;

- an díolúine fálaithe a leathnú chuig suíomhanna arna nglacadh ag eintitis airgeadais atá mar chuid de ghrúpa a bhaineann go príomha leis an tráchtáil (i.e., grúpa neamhairgeadais); agus

- an díolúine a leathnú chuig suíomhanna a eascraíonn as idirbhearta a rinneadh chun oibleagáidí leachtacht a sholáthar ar ionad trádála a chomhlíonadh.

Go dtí seo, tá trí chonradh díorthach tráchtearraí neamhthalmhaíochta faoi réir teorainn suímh: conradh díorthach TTF a thrádáiltear ar ICE Endex agus ar European Energy Exchange (EEX), conradh díorthach THE a thrádáiltear ar EEX agus ar ICE Endex, agus conradh German Power Base a thrádáiltear ar EEX.

Ní mór do dhaoine a shealbhaíonn suíomhanna cáilitheacha agus ar mian leo tairbhiú de cheann de na díolúintí thuasluaite, iarraidh fhoirmiúil a chur faoi bhráid ÚIN a shocraíonn an teorainn suímh le haghaidh an chonartha díorthach tráchtearraí ábhartha.

Ba cheart measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht fheidhmiú chóras na dteorainneacha suímh i bhfianaise go bhfuil ról níos mó ar an iomlán ag ionaid trádála i ndlínsí eile maidir le teorainneacha suímh a shaincheapadh, a chur i bhfeidhm agus faireachán a dhéanamh orthu. Mar shampla, sna Stáit Aontaithe, i gcás conarthaí nach bhfuil faoi réir teorainneacha suímh feidearálacha arna leagan síos ag Coimisiún na Trádála i dTodhchaíochtaí Tráchtearraí (CTTT), tá sé de shaoirse ag ionaid trádála na teorainneacha suímh a shocrú de réir mar is cuí leo. Ar an gcaoi chéanna, tá ról níos mó ag ionaid trádála maidir le fálú agus díolúintí eile a dheonú do rannpháirtithe sa mhargadh, agus na coinníollacha a leagtar amach in ord CTTT á gcur i bhfeidhm.

Comhlánaítear teorainneacha suímh le rialuithe bainistithe suímh (RBSanna), lena gceanglaítear ar ionaid trádála socruithe a bheith i bhfeidhm acu chun faireachán a dhéanamh ar shuíomhanna oscailte rannpháirtithe sa mhargadh agus chun trádáil ordúil ar a n-ionad a áirithiú. Tá raon feidhme níos leithne ag an gceanglas maidir le RBSanna a bhunú agus tá feidhm aige maidir le gach suíomh i ndíorthaigh tráchtearraí, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil an conradh faoi réir teorainn suímh. Cumhdaítear leis gach cineál suímh, lena n-áirítear suíomhanna a dhéantar chun críoch fálaithe. Is é is cuspóir do RBSanna é a chur ar a gcumas d'ionaid trádála carnadh suíomhanna móra comhchruinnithe a shainaithint a bhféadfadh saobhadh praghsanna, cúbláil margaidh nó cleachtais trádála mhí-úsáideacha eile a bheith mar thoradh orthu. De réir Airteagal 57(8) de MiFID II, ba cheart a áireamh ar na rialuithe, ar a laghad, na cumhachtaí chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- faireachán a dhéanamh ar leas oscailte;
- faisnéis chuimsitheach a fháil i ndáil leis na suíomhanna a dhéantar, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, méid an tsuímh agus an cuspóir atá leis an suíomh a thógáil;
- an suíomh a fhoirceannadh nó a laghdú;
- ceangal a chur ar shealbhóir an tsuímh leachtacht a chur ar ais sa mhargadh i gcásanna áirithe.

Thairis sin, i gcás conarthaí is féidir a shocrú go fisiceach, le Rialachán Tarmligthe 2022/1299 ón gCoimisiún lena bhforlíontar MiFID II([18]) , tugadh isteach an oibleagáid leibhéil chuntasachta a shocrú, arb é is cuspóir dóibh idirphlé a spreagadh le sealbhóir an tsuímh má sháraítear tairseacha cáilíochtúla nó cainníochtúla áirithe. Ba cheart d'ionaid trádála sonraí uile a RBSanna a chur in iúl dá ÚIN, lena n-áirítear an líon cásanna inar baineadh amach leibhéil chuntasachta.

Ar deireadh, áirítear le tuairisciú suímh, faoi Airteagal 58(3) de MiFID II, an oibleagáid atá ar rannpháirtithe sa mhargadh faisnéis maidir le suíomhanna a tharchur chuig ionaid trádála. Ceann d'aidhmeanna an cheanglais sin is ea an fhaisnéis is gá a sholáthar d'ionaid trádála chun a sainordú bainistíochta suímh a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, ceanglaítear ar rannpháirtithe sa mhargadh mionsonraí na suíomhanna a shealbhaíonn siad sna conarthaí a thrádáiltear ar an ionad sin a chur faoi bhráid na n-ionad trádála ar a bhfuil siad ag trádáil. Ní áirítear san fhaisnéis a chuirtear faoi bhráid ionad trádála, áfach, suíomhanna i gconarthaí comhionanna a thrádáiltear in ionaid eile, ná suíomhanna i gconarthaí TAC a bhaineann leis an gconradh foluiteach céanna. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur scrúdaigh Údarás um Iompar Airgeadais (FCA) na Ríochta Aontaithe le déanaí an fhéidearthacht raon feidhme na gconarthaí atá le tuairisciú ag rannpháirtithe sa mhargadh d'ionaid trádála a leathnú, ach tháinig sé ar an gconclúid go mbeadh beart den sórt sin ró-anásta do rannpháirtithe sa mhargadh. De rogha air sin, chinn FCA go dtabharfaí de chumhacht d'ionaid trádála, mar chuid dá sainordú maidir le rialú ar bhainistiú suímh, faisnéis a iarraidh maidir le suíomhanna i

([18]) Rialachán Tarmligthe - 2022/1299 - GA - EUR-Lex

dtacar níos leithne conarthaí TAC, i gcás ina bhfuil riosca ag baint leis na suíomhanna sin do thrádáil chóir agus ordúil a margaí([19]) .

*Aiseolas ó pháirtithe leasmhara agus measúnú*

Sa chomhairliúchán spriocdhírithe a rinne an Coimisiún, lorgaíodh aiseolas ó pháirtithe leasmhara maidir le tacar fairsing ceisteanna maidir le teorainneacha suímh, rialuithe bainistíochta suímh agus tuairisciú suímh.

- *Teorainneacha suímh*

Mheas tromlach mór na bhfreagróirí, lena n-áirítear rialtóirí agus údaráis phoiblí, go bhfuil an córas teorainneacha suímh atá ann faoi láthair ag feidhmiú go leormhaith agus gur bhain sé a chuspóirí amach maidir le rannchuidiú le drochúsáid mhargaidh a chosc agus trádáil ordúil a áirithiú. Chuir páirtithe leasmhara i dtábhacht gur ceadaíodh le hathchóirithe PTMC na héifeachtaí díobhálacha a breathnaíodh roimhe seo ar dhoimhneacht agus leachtacht an mhargaidh a mhaolú, agus go ndearnadh leo, an beart níos spriocdhírithe, níos comhréirí agus níos éifeachtúla. Ar an iomlán, faoin socrú atá ann faoi láthair, bhí páirtithe leasmhara den tuairim nach raibh aon drochthionchar ag an gcóras teorainneacha suímh atá ann faoi láthair ar leachtacht an mhargaidh, ná ar chumas rannpháirtithe sa mhargadh iad féin a fhálú, a bhuí le díolúine fálaithe dhea-fheidhmiúil. Go háirithe, luaigh roinnt freagróirí go raibh an díolúine fálaithe iar-PTMC a bhí saincheaptha ar bhealach níos fearr an-úsáideach le linn na géarchéime fuinnimh, rud a d'fhág gurbh fhéidir fálú éifeachtúil a dhéanamh.

Léirítear le haimsiú fíoras a rinne an Coimisiún bunaithe ar shonraí suímh laethúla ÚIN i ndíorthaigh TTF, d'ainneoin suíomhanna roinnt rannpháirtithe sa mhargadh a bheith ag bogadh gar do na teorainneacha uaireanta, gur tháinig laghdú córasach ar shuíomhanna den sórt sin sula bhféadfaidís na teorainneacha sin a shárú. Dar leis an gCoimisiún, léirítear leis sin go bhfuil teorainneacha suímh ag feidhmiú go leormhaith agus go socraítear iad ar leibhéil iomchuí.

Tugann an Coimisiún faoi deara freisin gur féidir, le teorainneacha suímh, cuidiú le comhchruinniú iomarcach margaidh a sheachaint. Maidir leis sin, tugann an Coimisiún dá aire gur tháinig laghdú leanúnach ar chomhchruinniú na suíomhanna i margadh díorthach TTF ó na 10 rannpháirtí is mó, is iad sin thart ar 50 % de na suíomhanna fada uile i mí Iúil 2022 go dtí thart ar 35 % ag deireadh 2024.([20])

Mheas formhór na bhfreagróirí, lena n-áirítear formhór na n-údarás poiblí, nach gá raon feidhme na gconarthaí a ghabhtar le teorainneacha suímh, ná cineál na suíomhanna a ghabhtar, a athrú. Dhiúltaigh formhór na bhfreagróirí an moladh sa Tuarascáil maidir le todhchaí iomaíochas na hEorpa maidir le hidirdhealú a dhéanamh idir teorainneacha suímh bunaithe ar chineálacha déileálaithe. Measann an Coimisiún nach bhfuil aon ghá inaitheanta ann tuilleadh idirdhealaithe a dhéanamh idir an córas teorann suímh in aghaidh an chineáil rannpháirtí sa mhargadh, i bhfianaise na díolúine fálaithe atá ann cheana i MiFID II, lena gceadaítear solúbthacht áirithe cheana féin do ghnólachtaí neamhairgeadais, agus an riosca neamhdhiomaibhseach go mbeadh an creat casta gan ghá.

Thug roinnt páirtithe leasmhara tionscail dá n-aire go raibh ualach trom ag baint leis na nósanna imeachta chun iarratas a dhéanamh ar dhíolúintí fálaithe nó ar dhíolúintí soláthair leachtachta agus chun iad a dheonú. Mhol 57 % de na freagróirí go bhféadfaí na cúraimí sin a aistriú chuig ionaid trádála. D'easaontaigh cúig ionad trádála agus dhá chomhlachas malartáin, áfach, leis an moladh sin. Ina theannta sin, luaigh beirt rialtóirí nár cheart ról na n-ionad trádála a leathnú chuig socrú

([19]) Spreagadh an comhairliúchán sin go háirithe leis na himeachtaí a tharla ar Mhalartán Miotal Londan i mí an Mhárta 2022, a bhí nasctha le suíomhanna móra a thógáil i margadh TAC nach raibh le feiceáil ag oibreoirí ionaid trádála, rud a chuir bac ar a gcumas a sainordú bainistíochta suímh a chomhlíonadh.

([20]) Foinse: Sonraí EEX agus ICE le haghaidh Shamhradh 2022 agus 2024.

teorainneacha suímh iad féin, go háirithe mar gheall ar leasanna tráchtála contrártha idir ionaid ina dtrádáiltear an conradh céanna. Feictear don Choimisiún freisin go bhfuil dúshláin ag baint leis an gcás deireanach sin agus mheasfadh sé, dá bhrí sin, nár cheart foráil a bheartú maidir le haon tarmligean cúraimí a bhaineann le teorainneacha suímh a shocrú. Mar sin féin, is cosúil go bhféadfaí an próiseas chun díolúintí fálaithe nó díolúintí soláthair leachtachta a dheonú a dhéanamh níos solúbtha trí chúraimí áirithe a tharmligean, amhail iarratais a phróiseáil agus iarrataí ar dhíolúintí a bhailíochtú, chuig ionaid trádála, go háirithe i gcás nach bhfuil aon discréid nó nach bhfuil mórán discréide ag teastáil.

Ar deireadh, tharraing beirt fhreagróirí ceisteanna anuas maidir le cur i bhfeidhm chóras teorainneacha suímh an Aontais i ndáil le suíomhanna a dhéantar in ionaid tríú tír, agus a mhéid a bhaineann leis an riosca imchéimnithe a d’fhéadfadh a bheith mar thoradh air. D’fhéadfadh córas teorainneacha suímh MiFID atá ann faoi láthair a bheith faoi réir éiginnteacht dhlíthiúil a mhéid a bhaineann le suíomhanna a dhéanann gnólachtaí infheistíochta an Aontais agus a gcliaint ar ionaid tríú tír a thairgeann trádáil i gconarthaí díorthach tráchtearraí atá coibhéiseach go heacnamaíoch agus a mhéid ba cheart suíomhanna den sórt sin a thuairisciú agus a áireamh i dteorainneacha suímh – i gcás ina bhfuil conarthaí den sórt sin faoi réir teorainneacha suímh san Aontas. D’fhéadfadh sé sin cur le héagothroime iomaíochta idir ionaid an Aontais agus ionaid tríú tíortha, agus dreasachtaí féideartha a chruthú chun díorthaigh atá coibhéiseach go heacnamaíoch a thrádáil ar ionaid tríú tír seachas ar ionaid san Aontas.

- *Tuairisciú suímh agus rialuithe bainistíochta suímh*

A mhéid a bhaineann le tuairisciú suímh, chuir gach freagróir seachas freagróir amháin in iúl go raibh imní orthu faoi na hoibleagáidí a d’fhéadfadh a bheith ar rannpháirtithe sa mhargadh suíomhanna TAC a thuairisciú go córasach d’ionaid trádála chun tacú lena sainordú maidir le rialuithe bainistíochta suímh. Tagraíonn freagróirí go bhféadfadh ualach mór a a bheith ann agus do rioscaí go bhféadfadh comhroinnt mhíchuí faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de a bheith mar thoradh air sin. Ina ionad sin, molann páirtithe leasmhara úsáid níos éifeachtúla a bhaint as na sonraí tuairiscithe atá ann cheana. Mhol thart ar 10 % de na freagróirí (go háirithe trí údarás phoiblí) gur cheart tuairisciú shuíomhanna CTCCE a leathnú chuig gach rannpháirtí sa mhargadh, agus dá bhrí sin go mbeadh feidhm aige maidir le gnólachtaí neamh-infheistíochta, go háirithe chun forfheidhmiú leormhaith teorainneacha suímh a áirithiú.

Mar sin féin, mheas roinnt de na páirtithe leasmhara sin atá in aghaidh suíomhanna TAC a thuairisciú go córasach d’ionaid trádála gur cheart go mbeadh sé de chumas ag ionaid trádála faisnéis bhreise faoi shuíomhanna a iarraidh maidir le raon feidhme níos leithne conarthaí TAC, nuair is féidir le suíomhanna i gconarthaí den sórt sin tionchar a imirt ar phraghas conarthaí a thrádáiltear ar an ionad céanna, agus in imthosca sonracha amháin, amhail le linn tréimhsí struis sa mhargadh nó riosca méadaithe (seachas tuairisciú córasach). Tá an Coimisiún den tuairim go bhféadfadh sé sin cumas na n-ionad trádála a fheabhsú chun a rialuithe bainistíochta suímh a dhéanamh agus cuidiú le faireachán a dhéanamh ar thrádáil ordúil agus, ar deireadh, margaí a chaomhnú in aghaidh rioscaí cobhsaíochta airgeadais, agus costais cur chun feidhme á dteorannú an tráth céanna i gcomparáid le suíomhanna TAC a thuairisciú go córasach d’ionaid trádála.

Mheas thart ar 85 % de na freagróirí gur cheart rochtain chuimsitheach a bheith ag maoirseoirí airgeadais agus fuinnimh ar a dtacair sonraí féin (e.g., ba cheart rochtain a bheith ag ÚRNanna ar shonraí MiFID/R, agus ba cheart rochtain a bheith ag ÚINanna ar shonraí gearradh amach C6 agus ar shonraí spotmhargaí). Measann an Coimisiún go bhféadfaí é sin a bhaint amach trí chomhar éascaithe agus trí chomhroinnt sonraí (féach an roinn sonraí).

Ar deireadh, ní raibh na páirtithe leasmhara ar aon tuairim maidir leis an bhféidearthacht síneadh a chur le tuairisciú tairbhithe deiridh suíomhanna arna sealbhú ag rannpháirtithe sa mhargadh nach

rannpháirtithe den Aontas iad. Cé gur aontaigh freagróirí (freagróirí atá bunaithe san Aontas, go háirithe) ar an iomlán le breisluach faisnéise den sórt sin, luaigh triúr freagróirí an t-ualach breise a thabhófaí agus na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le comhlíontacht a áirithiú ag rannpháirtithe sa mhargadh nach bhfuil bunaithe san Aontas. Mhol rialtóirí go láidir go ndúnfaí an bhearna tuairiscithe sin, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le sonraí idirbheart. Chuir beirt rialtóirí airgeadais agus rialtóir fuinnimh amháin i dtábhacht go gcuirtear bac ar mhaoirseacht chuí leis an gcóras atá ann faoi láthair agus go bhféadfadh leochaileachtaí sistéamacha a bheith mar thoradh air. Ba cheart a thabhairt faoi deara go dtugtar sainordú cheana sna leabhair rialacha atá ann faoi láthair maidir le príomhionaid trádála le haghaidh díorthaigh tráchtearraí (go háirithe díorthaigh fuinnimh) faisnéis den sórt sin a sholáthar, go háirithe chun na ceanglais tuairiscithe faoi RSTMF a chomhlíonadh.

*Conclúidí ó mheasúnú an Choimisiúin*

Ar an iomlán, measann an Coimisiún go bhfeidhmíonn an córas teorainneacha suímh atá ann faoi láthair go leormhaith. Ní raibh aon fhianaise láidir ann lena dtugtar le fios gur gá córas a dhéanamh níos doichte, ná é a maolú. Measann an Coimisiún freisin gur rannchuidigh na leasuithe a tugadh isteach le PTMC le margaí na ndíorthach tráchtearraí a dhoimhniú a thuilleadh, go háirithe i ndeighleog na ndíorthach fuinnimh.

Feictear don Choimisiún go bhféadfaí tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar na coinníollacha faoina bhféadfaí freagrachtaí níos mó, ach dea-fhrámaithe, a chur de chúram ar ionaid trádála maidir le díolúintí fálaithe agus díolúintí soláthair leachtachta a dheonú, chomh maith le díolúintí *ad hoc* b'fhéidir, d'fhonn an beart a dhéanamh níos solúbtha agus níos freagrúla do threochtaí margaidh, agus aistriú mór cumhachtaí ó rialtóirí á sheachaint an tráth céanna. Is gá coimircí sonracha, amhail tuairisciú córasach (ach spriocdhírithe) d'údaráis inniúla náisiúnta agus athbhreithnithe tráthrialta uathu, a chur i bhfeidhm chun aon choinbhleacht leasa a sheachaint agus chun ligean do mhaoirseoirí léargas comhdhlúite a bheith acu ar na díolúintí atá ann cheana. Mar sin féin, ní mheasann an Coimisiún gurb iomchuí an chumhacht chun teorainneacha suímh a shocrú a aistriú chuig ionaid trádála.

A mhéid a bhaineann le teorainneacha suímh a chur i bhfeidhm maidir le suíomhanna a dhéantar in ionaid nach bhfuil san Aontas, mhol an Coimisiún, mar chuid den Phacáiste um an gComhtháthú Margaidh agus Maoirseacht, a shoiléiriú gur cheart do shuíomhanna arna sealbhú ag gnólachtaí infheistíochta an Aontais agus a gcliaint i gconarthaí atá coibhéiseach go heacnamaíoch agus a thrádáiltear lasmuigh d'ionad trádála an Aontais rannchuidiú leis an measúnú ar chomhlíontacht an chórais teorann suímh faoi MiFID. D'áiritheofaí leis sin go gcaithfí mar an gcéanna le suíomhanna i gconarthaí a thrádáiltear ar ionaid an Aontais, ar ionaid nach bhfuil san Aontas agus TAC. Tá an soiléiriú sin ailínithe leis na cuspóirí beartais maidir le huathriail straitéiseach agus iomaíochas an Aontais a cuireadh i dtábhacht sa Tuarascáil maidir le todhchaí iomaíochas na hEorpa, lena gcruthaítear cothrom iomaíochta ar fud na n-ionad trádála uile, lena gcuirtear deireadh le dreasachtaí i leith trádála lasmuigh den Aontas, agus lena seachnaítear aon imchéimniú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar rialacha an Aontais. Áirithítear leis freisin deimhneacht dhlíthiúil do rannpháirtithe sa mhargadh, rud lena laghdaítear na costais a bhaineann le héiginnteacht dhlíthiúil.

Chun tacú le hionaid trádála a sainordú bainistíochta suímh a chomhlíonadh agus chun margaí cothroma agus ordúla a áirithiú, d'fhéadfadh an Coimisiún féachaint a thuilleadh ar na coinníollacha faoina bhféadfaí cumhachtaí rialaithe leathnaithe bainistíochta suímh a chur de chúram ar ionaid trádála chun faisnéis a iarraidh, ar bhonn *ad hoc* agus in imthosca áirithe, maidir leis na suíomhanna arna sealbhú ag rannpháirtithe sa mhargadh i dtacar níos leithne conarthaí TAC a bhaineann leis na díorthaigh tráchtearraí a thairgeann siad lena dtrádáil, agus maidir le sócmhainní agus dliteanais ghaolmhara sa tráchtearra foluiteach. Ba cheart an chumhacht sin a leathnú chuig na conarthaí TAC uile atá in ann tionchar a imirt ar choinníollacha praghsála nó socraíochta an chonartha ábhartha ar

an láthair san Aontas. Leis an togra seo, d'fhéadfaí rialacha an Aontais a ailíniú ar bhealach níos fearr leis na conclúidí ar tháinig IOSCO orthu i dtuarascáil a rinneadh le déanaí maidir le margaí na ndíorthach tráchtearraí a rialú agus maoirseacht a dhéanamh orthu ([21]), inar moladh gur cheart tuilleadh oibre a dhéanamh chun feabhas a chur ar chumas na malartuithe faisnéis a fháil faoi shuíomhanna rannpháirtithe sa mhargaidh i ndíorthaigh tráchtearraí TAC ghaolmhara agus sna margaí tráchtearraí fisiceacha bunúsacha. Measann an Coimisiún, áfach, nach mbeadh aon cheanglas ar rannpháirtithe sa mhargadh a suíomhanna sa mhargadh foluiteach agus i dtacar leathan conarthaí TAC a thuairisciú go córasach d'ionaid trádála comhréireach mar gheall ar an ualach a d'fhéadfadh a bheith i gceist le beart den sórt sin. Ar an gcúis chéanna, is cosúil nach mbeadh sé iomchuí ag gnólachtaí infheistíochta tuairisciú do mhaoirseoirí ar shuíomhanna uile sna margaí bunúsacha nó i gconarthaí TAC thar shuíomhanna CTCCE. Mar sin féin, chun cothrom iomaíochta a bhaint amach idir cineálacha éagsúla rannpháirtithe sa mhargadh, féadfaidh an Coimisiún a mheas an bhféadfaí tuairisciú shuíomhanna CTCCE a leathnú chuig na rannpháirtithe sa mhargadh uile ([22]), chun forfheidhmiú iomchuí teorainneacha suímh a áirithiú.

Ar deireadh, féadfaidh an Coimisiún a mheas a mhéid a d'fhéadfadh ceanglas breise ar rannpháirtithe sa mhargadh tríú tír faisnéis a chur isteach maidir le tairbhithe deiridh a bheith iomchuí chun an bhearna sa tuairisciú suímh atá ann faoi láthair a dhúnadh.

## 5. CONCLÚIDÍ

Níor tugadh le fios le freagraí ó pháirtithe leasmhara, ná leis an measúnú ón gCoimisiún ina dhiaidh sin bunaithe ar an anailís ar threochtaí margaidh, go bhfuil géarghá le hathruithe substainteacha a dhéanamh ar na heilimintí a athbhreithníodh de chreat na ndíorthach tráchtearraí, cé go bhféadfaí leasuithe spriocdhírithe áirithe a mheas amach anseo.

([21]) https://www.iosco.org/library/pubdocs/pdf/IOSCOPD781.pdf.

([22]) Is é sin le rá, thar ghnólachtaí infheistíochta agus gnólachtaí neamh-infheistíochta a dhéanann idirbheart trí ghnólacht infheistíochta.